# Do Chearta agus tú ag Stáisiún na bPóilíní




Is iomaí duine a mbíonn deacracht aige nó aici a thuiscint cad atá ag tarlú ag stáisiún na bpóilíní.





Más mian leis na póilíní ceisteanna a chur ort, is fearr a rá leo má tá tacaíocht uait agus mura dtuigeann tú na ceisteanna.




Beidh a fhios ag na póilíní go dteastaíonn tuilleadh ama ó dhaoine a bhfuil riachtanais tacaíochta acu maidir le cumarsáid, chun ceisteanna a léamh agus a fhreagairt.

## Clár na nÁbhar


| | | |
|---|---|---|
|  | A bheith gafa agus dul faoi choimeád na bpóilíní | Leathanach 4 |
|  | Ceisteanna ó na póilíní a fhreagairt | Leathanaigh 5 - 6 |
|  | Duine Fásta Cuí a Iarraidh | Leathanach 7 |
|  | Insint do dhlíodóir go bhfuil tú ag stáisiún na póilíní | Leathanach 8 |
|  | Insint do dhuine eile go bhfuil tú ag stáisiún na bpóilíní | Leathanach 9 |
|  | Má tá tú 16 bliana nó faoi bhun 16 bliana d'aois nó má tá tú 16 nó 17 mbliana d'aois agus tú faoi ordú maoirsithe éigeantaigh | Leathanaigh 10 - 11 |

| | | |
|---|---|---|
|  | Cad a tharlaíonn má chúisítear thú nó má thugtar isteach chuig stáisiún na póilíní ar bharántas thú? | Leathanaigh 12 - 13 |
|  | Cé chomh fada is féidir thú a choinneáil ag stáisiún na bpóilíní? | Leathanach 14 |
|  | Dochtúir nó altra a fheiceáil | Leathanach 15 |
|  | Gearán a dhéanamh | Leathanach 16 |



# A bheith gafa agus dul faoi choimeád na bpóilíní

Inseoidh na póilíní duit cén fáth ar gabhadh thú.




Fiafróidh na póilíní díot an dtuigeann tú an rud a dúradh.

Má tá rud ar bith ann nach dtuigeann tú ba cheart duit “ní thuigim” a rá.

Ná habair “tuigim” ach amháin má thuigeann tú.

## Ceisteanna ó na póilíní a fhreagairt



Tá sé de cheart agat fanacht i do thost.




**Ní gá** duit aon cheist a chuireann na póilíní ort a fhreagairt. **ACH** caithfidh tú an t-eolas seo a thabhairt dóibh–

**d’ainm**




**an áit a bhfuil cónaí ort**




**do dháta breithe**



**an áit ar rugadh thú agus do náisiúntacht**

**Mura bhfuil cuid de na sonraí sin ar eolas agat caithfidh tú é sin a insint do na póilíní.**

**Ní bheidh tú i dtrioblóid leis na póilíní mura bhfreagraíonn tú aon cheist eile.**




Inseoidh na póilíní duit go scríobhfaidh siad síos gach rud a déarfaidh tú.

Má roghnaíonn tú ceisteanna a fhreagairt, d'fhéadfaí aon rud a deir tú a úsáid mar fhianaise má théann do chás chun na cúirte.

## Duine Fásta Cuí a Iarraidh



Má theastaíonn tacaíocht uait, abair leis na póilíní **“glaoigí ar Dhuine Fásta Cuí”**.

Beidh an Duine Fásta Cuí in ann cabhrú leat meabhair a bhaint as an méid a deir na póilíní. Níl aon chostas ag baint leis sin.




Cabhróidh an Duine Fásta Cuí leat do chearta a thuiscint agus meabhair a bhaint as an méid atá ag tarlú.

Míneoidh an duine sin na ceisteanna a chuireann na póilíní orthu, mura dtuigeann tú iad.

Ní hé amháin gur féidir leis an duine sin an méid a deir na póilíní a mhíniú, ach is féidir leis nó leis an rud a dhéanann na póilíní a mhíniú freisin.




Ní féidir leis an Duine Fásta Cuí comhairle a chur ort.

Glaofaidh na póilíní ar Dhuine Fásta Cuí má cheapann siad go bhfuil a leithéid ag teastáil uait, fiú mura n-iarrann tú go ndéanfaí sin.

**Tá sé tábhachtach é a rá má tá rud ann nach dtuigeann tú.**

## Insint do dhlíodóir go bhfuil tú ag stáisiún na póilíní




Tá sé de cheart agat labhairt le **dlíodóir** go príobháideach am ar bith, fiú sula gcuirfear ceisteanna ort. Níl aon chostas ag baint leis sin.

**Duine is ea an dlíodóir a chosnaíonn do chearta agus atá in ann cabhrú leat tú féin a chosaint.**

Ní fhéadfaidh an Duine Fásta Cuí a bheith leat nuair a labhraíonn tú le do dhlíodóir.

Más mian leat labhairt le dlíodóir, ba cheart duit é sin a rá nuair a chuireann na póilíní ceist ort.



Má tá dlíodóir agat ba chóir duit a ainm nó a hainm a insint do na póilíní.  Déanfaidh na póilíní iarracht glaoch a chur ar an duine sin. Níl aon chostas ag baint leis sin.

Mura bhfuil dlíodóir agat caithfidh tú é sin a rá leis na póilíní agus cuirfidh siadsan glaoch ar dhlíodóir duit.

Déanfaidh na póilíní iarracht dul i dteagmháil le do dhlíodóir a luaithe is féidir. Níl aon chostas ag baint leis sin.




Féadfaidh an dlíodóir a bheith sa seomra leat má chuireann na póilíní agallamh ort. Níl aon chostas ag baint leis sin.

B’fhéidir go labhróidh tú le do dhlíodóir ar an teileafón nó b’fhéidir go dtiocfadh an dlíodóir chuig stáisiún na bpóilíní chun tú a fheiceáil. Faoin dlíodóir féin atá sé an cinneadh sin a dhéanamh.

Iarrfar ort an dara huair ar mhaith leat aturnae a bheith i láthair le haghaidh agallaimh fiú más rud é go raibh comhrá teileafóin agat leis nó léi.

## Insint do dhuine eile go bhfuil tú ag stáisiún na bpóilíní




Tá sé de cheart agat go gcuirfí in iúl do dhuine éigin go bhfuil tú ag stáisiún na bpóilíní.

Fiafróidh na póilíní díot cé air ar mhaith leat go nglaofaidís.




D’fhéadfadh sé gur duine muinteartha leat a bheadh i gceist, do pháirtí, do chúramóir, cara leat nó duine eile de do lucht aithne.

B’fhéidir nach mbeidh cead agat labhairt leis an duine sin.

**Má tá tú faoi bhun 16 bliana d’aois nó má tá tú 16 nó 17 mbliana d’aois agus tú faoi ordú maoirsithe éigeantaigh:**



Caithfidh na póilíní iarracht a dhéanamh a rá le do thuismitheoir nó do chaomhnóir go bhfuil tú ag stáisiún póilíní.






Tá sé de cheart agat go dtabharfaidh do thuismitheoir nó do chaomhnóir cuairt ort ag stáisiún na bpóilíní.



Ní féidir ach le daoine faoi 18 mbliana d'aois cuairteoirí a bheith acu.

Caithfidh dlíodóir a bheith in éineacht leat nuair a chuireann na póilíní agallamh ort mura bhfuil **cúinsí eisceachtúla** i gceist.



Mar shampla, má cheapann na póilíní go bhfuil eolas tábhachtach agat a d’fhéadfadh duine a shábháil ó ghortú, b’fhéidir go mbeadh orthu ceisteanna a chur ort sula dtiocfaidh do dhlíodóir.

Má tá tú 16 nó 17 mbliana d’aois agus faoi ordú maoirsithe nó faoi ordú éigeantach eatramhach, NÍ féidir leat diúltú aturnae a bheith agat.



Fiú i gcúinsí eisceachtúla, tá sé de cheart agat fanacht i do thost.

## Cad a tharlaíonn má chúisítear thú nó má thugtar isteach chuig stáisiún na póilíní ar bharántas thú?



Má **chúisítear** thú, b’fhéidir go mbeidh cead agat imeacht nó b’fhéidir go mbeidh ort fanacht i gcillín i stáisiún na bpóilíní agus dul chun na cúirte an chéad lá eile is féidir.



Má chúisítear thú beidh na póilíní ag iarraidh an méid seo a leanas a fháil uait:

- **do mhéarloirg**



- **sampla DNA** (cuimleoidh siad baitín cadáis go réidh den taobh istigh de do bhéal)




- **do phictiúr**



Más **ar bharántas** a tugadh isteach i stáisiún na bpóilíní thú, seans go mbeidh ort fanacht i gcillín sa stáisiún agus dul chun na cúirte an chéad lá eile is féidir.

## Cé chomh fada is féidir thú a choinneáil ag stáisiún na bpóilíní?




Is féidir leis na póilíní tú a choinneáil faoi choimeád ar feadh **suas le 12 uair an chloig gan tú a chúiseamh i gcion**.





Cuirfidh na póilíní bia ar fáil duit ag amanna béilí má choinnítear thú ar feadh níos mó ná 4 uair an chloig.

Má tá aon bhianna ann nach féidir leat a ithe, abair é sin leis na póilíní a luaithe is féidir.

Má bhíonn tart ort iarr ar na póilíní uisce a thabhairt duit.




Féadfaidh na póilíní thú a choinneáil ar feadh suas le 24 uair an chloig **má aontaíonn Cigire Póilíní leis sin** (nó Príomhchigire má tá tú faoi 18 mbliana d'aois) agus sa chás sin amháin.



Tá sé de cheart agat do thuairim a chur in iúl faoin gcinneadh sin, nó is féidir leat a rá le do dhlíodóir labhairt leis na póilíní ar do shon.



## Dochtúir nó altra a fheiceáil

Tá sé de cheart agat **dochtúir** nó **altra** a fheiceáil má tá tú tinn nó má tá tú gortaithe.

Abair leis na póilíní é má cheapann tú gur gá duit dochtúir nó altra a fheiceáil.

Tá sé tábhachtach go n-inseofá do na póilíní é má tá riocht sláinte ort nó má tá tú ag tógáil cógais.



Tá sé tábhachtach freisin é a rá leis na Póilíní má tá andúil drugaí nó andúil alcóil agat nó má tá tú ag smaoineamh ar dhíobháil a dhéanamh duit féin.



**Cuideoidh sé sin leis na Póilíní aire a thabhairt duit agus tú i gcoimeád acu.**



## Gearán a dhéanamh



Tá sé de cheart agat **gearán a dhéanamh** faoin mbealach ar chaith na póilíní leat.

Má dhéanann tú gearán faoi *Police Scotland* ní chuirfidh sé sin droch-chuma ar do chás.

Is féidir leat gearán a dhéanamh agus tú faoi choimeád.

Más mian leat gearán a dhéanamh agus tú faoi choimeád, iarr labhairt le cigire nó le duine éigin de ghrád níos airde.




Más mian leat gearán a dhéanamh nuair a scaoilfear saor thú, féadfaidh tú dul chuig aon stáisiún póilíní.




Más rud é gur ghortaigh póilín thú agus tú do do ghabháil nó i gcoimeád ba chóir duit gearán a dhéanamh le Rannóg na gCaighdeán Gairmiúil de chuid *Police Scotland*.




Chun gearán a dhéanamh cuir glaoch ar 101 nó téigh chuig stáisiún na bpóilíní i do cheantar féin.

Is féidir leat iarraidh ar dhuine eile gearán a dhéanamh ar do shon freisin. D'fhéadfadh sé gur tuismitheoir a bheadh i gceist, nó cara leat, do pháirtí nó duine a bhfuil muinín agat as nó aisti.

Ní mór duit do chead scríofa a thabhairt don duine sin.

**Ullmhaithe thar ceann**

**Líonra SOLD**

**ag**

***People First* (Albain)**

**77-79 Easter Road,**

**Edinburgh / Dún Éideann,**

**EH7 5PW**

**0131 478 7707**

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta Uimhir 173180 agus Carthanacht Chláraithe de chuid na hAlban, Uimhir SC 026039

People First (Scotland)

made with photosymbols®

POLICE SCOTLAND

Keeping people safe

POILEAS ALBA